



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

Ciste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

Ciste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018

Réamhrá

Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge tiomanta le pobail a spreagadh agus a chumasú chun difríocht a dhéanamh ina gceantair/bpobail féin. Ar mhaithe leis seo, tá iarratais á lorg ag an gComhairle anois don gCiste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018.

Tugann an Ciste chun tacú le Pobail deontas i gcabhair do Ghrúpaí Pobail, do Chumann Áitritheoirí, do Chlubanna Spórt agus do ghrúpaí/choistí eile atá gníomhach ag leibhéal an phobail, ag cur sheirbhísí pobal ar fáil nó ag déanamh oibreacha feabhsúcháin go háitiúil nó ag leibhéal an chontae.

Díríonn an scéim ar réimse leathan mhaoinithe a chur ar fáil chun traidisiún bródúil an Phobail i bPort Láirge a neartú a thuilleadh, trí réimse leathan gníomhaíochtaí pobail agus seirbhísí áitiúla a spreagadh chomh fada agus is féidir.

Tá trí shaghas mhaoinithe éagsúla laistigh den gCiste:

Ciste do Chumann Áitritheoirí:

Tugann an snáithe seo deontas i gcabhair do Chumann Áitritheoirí, do ghrúpaí nó do choistí atá gníomhach ag leibhéal an phobail nó atá ag déanamh oibreacha feabhsúcháin laistigh dá n-eastát/gcomharsanacht/gceantar féin.

- Tugann an ciste seo cúnamh do chumann áitritheoirí chun cabhrú le feabhsúchán Eastáit Tithíochta agus shráideanna/shráidbhailte, le béim faoi leith ar an méid seo a leanas:
- Soláthar agus cothabháil limistéir ghlasa
- Ranníocaíocht i dtreo chostais árachais, chíos ar sheomra agus chostais oibríochtúla leanúnacha a bhaineann le gníomhaíochtaí chumann áitritheoirí
- Ceapaigh bhláthanna, toir, crainn srl a chur ar fáil

- Glantacháin Phobail atá eagraithe nó Laethanta Spraoi/Laethanta Spórt srl.
- Tionscadail Feabhsúcháin i limistéir stairiúla/chultúrtha

Ní liosta uileghabhálach é seo agus d'fhéadfadh go gceadófaí oibreacha eile seachas an méid atá luaite anseo i gcomhair dheontas i gcabhair.

Ciste do Ghníomhaíocht Pobail:

Bunaíodh an Ciste do Ghníomhaíocht Pobail chun cabhrú le pobail, nó le teaghlaim de phobail, comhoibriú lena chéile i dtreo phlean áitiúil dá gceanta(i)r féin a fhorbairt. Cuirfidh an ciste ar chumas na bpobal iad féin a eagrú agus struchtúirí inbhuanaithe a bhunú a chuirfidh ar a gcumas a gcuid riachtanais a aithint agus a chomhlíonadh – “ag cabhrú leo cabhrú leo féin.” Is féidir an ciste a úsáid chomh maith chun trealamh a uas-ghrádú nó trealamh nua a fháil.

Tá maoiniú ar fáil i gcomhair:

- Ghníomhaíochtaí agus/nó imeachtaí a chuireann cumarsáid nuálach chun cinn ar mhaithe le rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú agus rannpháirtíocht a chothú i dtreo phlean forbartha áitiúil don gceantar a bhunú.
- Ghníomhaíochtaí agus/nó imeachtaí a thugann ceantair nó pobail éagsúla le chéile chun todhchaí na bpobal san a phleanáil.
- Trealamh TFC/Oifige
- Trealamh Tírdhreachta/Garraíodóireachta
- Uasghrádaithe Fearastaithe/Troscáin
- Uirlisí/gléasanna
- Deisiú srl.
- Cíos ar sheomra/Costais Taistil/Árachas
- Imeachtaí/léiriúcháin phobail

Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach é seo. Cuireadh le chéile é mar bhlaiseadh des na saghasanna rudaí ar féidir tacaíocht a thabhairt dóibh faoin gciste seo.

Ciste do Spóirt & Chaitheamh Aimsire:

Cuireann an Snáithe do Spóirt agus Chaitheamh Aimsire deontas i gcabhair ar fáil do Chlubanna Spóirt agus d'Eagraíochtaí Caitheamh Aimsire atá gníomhach ag leibhéal an phobail, chun deiseanna spóirt a chur ar fáil trasna gach aois agus cumas. Cruthaíodh an Ciste chun cabhrú le Clubanna Spóirt cur leis an réimse deiseanna Spóirt agus Fóillíochta atá ar fáil do Phobail Phort Láirge, nó na deiseanna atá ann a fheabhsú.

Tá maoiniú ar fáil i dtreo:

- trealamh spóirt a cheannach, rud a bheidh dea-thionchar aige ar leibhéal agus ar chaighdeán an rannpháirtíochta spóirt laistigh den gclub, mar shampla bibí, liathróidí, cóin, trealamh folláine, srl.
- Cíos ar sheomra
- Costais Taistil
- Árachas
- Oideachas Cóitseálaithe atá dírithe ar Spóirt go sonrach
- Cúrsaí creidiúnaithe atá á reachtáil ag an gComhairle Spóirt, ag *Coaching Ireland* nó ag Coiste Náisiúnta Rialaithe Spóirt
- Creidiúnú réiteora, maoir nó creidiúnú oifigiúil

Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach é seo. Cuireadh le chéile é mar bhlaiseadh des na saghasanna rudaí ar féidir tacaíocht a thabhairt dóibh faoin gciste seo.

Eolas Ginearálta

- Moltar do thionscadail teacht ar fhoinsí eile chistiú meaitseála mar chuid den mbuiséad iomlán don tionscadal
- Níl cead ag iarratasóirí ach maoiniú a lorg faoi/a bheith incháilithe do **Shnáithe amháin** den gCiste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018

- Déanfar gach iarracht an Ciste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018 a dháileadh chomh cothrom agus is féidir trasna Limistéir na Cathrach, an Chomaraigh agus Dhún Garbhán/An Leasa Mhóir de chuid Phort Láirge.
- Tabharfar tús áite dos na heagraíochtaí úd nach bhfuair aon tacaíocht trí scéimeanna deontais de chuid Chomhairle Cathrach agus Chomhairle Contae Phort Láirge mar a bhí roimhe seo
- Moltar do ghrúpaí/d'eagraíochtaí clárú le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Phort Láirge (PPN)
- **Caithfidh** gach iarratasóir rathúil ar an gCiste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018 **cóipeanna de shonraisc agus d'admhálacha a chur isteach.**

Cé atá incháilithe le cur isteach ar an gCiste?

Tá an Ciste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018 oscailte go gach ghrúpa pobail /ghrúpa deonach/Cumann Áitritheoirí/Club Spóirt a shásaíonn na critéir seo a leanas:

Critéir agus Incháilitheacht

- Caithfidh grúpaí/coistí/eagraíochtaí atá ag déanamh iarratais a bheith bunaithe go foirmeálta, sé sin Cruinniú Cinnbliana a ghairm agus cruinnithe rialta a reachtáil – **is gá** cóipeanna des na miontuairiscí is déanaí ó chruinnithe an choiste a chur isteach leis an iarratas.
- **Caithfidh** iarratasóirí fianaise a chur ar fáil des na polasaithe/cosaintí ábhartha os rud é go mbeidh an maoiniú á n-úsáid maidir le páistí, daoine óga nó daoine fásta leochaileacha.
- Is cóir go mbeadh iarratasóirí ar an gCiste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018 lonnaithe i bPort Láirge agus is ceart go mbeidh siad siúd a rachaidh an ciste chun a leasa ina gcónaí i bPort Láirge.
- Sa chás gur gá leis, beidh meastachán suas chun dáta i gcomhair earraí/sheirbhísí le cur isteach leis an iarratas.
- Tá iarratais ó chlubanna nó eagraíochtaí neamhbhrabúis atá oscailte do bhallraíocht phoiblí incháilithe don gCiste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018

- Níl cead ag grúpaí bhrabúis, eagraíochtaí tráchtála agus úinéirí áiseanna príobháideacha cur isteach ar an gCiste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018
- Caithfidh cuntas bainc/creidmheasa in ainm an ghrúpa/na heagraíochta a bheith ag grúpaí/eagraíochtaí a bhfaighfidh leithdháileadh
- Caithfidh Clubanna Spóirt atá ag déanamh iarratais fianaise a chur ar fáil go bhfuil siad cleamhnaithe le Coiste Náisiúnta Rialaithe Spóirt atá aitheanta ag an gComhairle Spóirt
- Ní ghlacfar le hiarratais nach bhfuil líonta isteach ina n-iomlán.

Conas iarratas a dhéanamh

Caithfidh gach iarratasóir an fhoirm iarratais don gCiste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018 a líonadh isteach, agus is féidir í a íoslódáil ó shuíomh idirlíon Chomhairle Phort Láirge

www.waterfordcouncil.ie

Mar mhalairt air sin, is féidir leat pacáiste iarratais a bhailiú os na pointíní um Seirbhísí do Chustaiméirí de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i gCathair Phort Láirge ag Sráid Nua Bailey nó ag na hOifigí Cathartha, Cé Daibhéid, Dún Garbhán, nó is féidir leat r-phost a chur chuig waterfordcommunitiesfund@waterfordcouncil.ie agus seolfar pacáiste iarratais amach chugat, ach é a lorg.

Nuair atá sé líonta isteach agat, cuir d'iarratas isteach, [maraon leis na doiciméidí riachtanacha](#), trí r-phost chuig:

waterfordcommunitiesfund@waterfordcouncil.ie nó ar chóip chrua chuig:

Colette O'Brien

Ciste chun tacú le Pobail Phort Láirge 2018,

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge,

Sráid Nua Bailey,

Port Láirge

**DÉAN CINNTE GO BHFUIL GACH MÍR DEN BHFOIRM LÍONTA ISTEACH
AGUS GO BHFUIL AN DEARBHÚ AR LEATHANACH 6 SÍNITHE.**

An dáta deiridh d'iarratais ná **Dé Céadaoin, 28 Feabhra 2018**

Ní ghlacfar le haon iarratas tar éis an dáta seo